

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**22 PLÁS MHIC LIAM**

**BAILE ÁTHA CLIATH 2**

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS**  
**GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

<b><u>Clár</u></b>	<b><u>Leathanach</u></b>
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle	3
Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha	4/5
Polasaithe Cuntasaíochta	6
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	7
Clár Comhardaithe	8
Nótaí ar na Cuntais	9/10
Mionchuntas Ioncaim agus Caiteachais	11

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ  
CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Tá iallach ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na Comhairle agus ar fharasbarr nó ar easnamh na Comhairle don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir don Chomhairle:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantaigh, ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Chomhairle air ag feidhmiú
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir aon eisceachtaí ábharthacha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Chomhairle go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá dualgas ar an gComhairle cuntais chearta a choimeád, a thugann léargas do chruinneas réasúnta stádas airgeadais na Comhairle ag am ar bith. Tá dualgas ar an gComhairle chomh maith sócmhainní na Comhairle a chosaint agus, dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaois nó aon ghnóthaí cama eile a chosc agus a thabhairt faoi dheara.

Chomh fada agus is eol don Chomhairle:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ó na hiniúcháirí agus iad ag ullmhú a dtuarascála) nach eol do iniúcháirí na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag an gComhairle a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**John Carr**  
**Cathaoirleach**

**Muireann Ní Mhóráin**  
**Príomhfheidhmeannach**

Ar 18 Meitheamh 2013 d'fhaomh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA  
DO CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Iomlán Admhaithe agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 6 go 10. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na Comhairle amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta le go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Comhairle na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua i dtuarascáil iniúchára agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith seachas don Chomhairle agus do chomhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángthamar orthu.

**Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle agus na n-iniúchóirí faoi seach**

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle atá leagtha amach ar leathanach 3, tá na comhaltaí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífimis le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtas Iniúchta.

**Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne comhaltaí na Comhairle; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA  
DO CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**  
**(ar leanúint)**

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Is í ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na Comhairle mar a bhí ar an 31 Nollaig 2012 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart.

**Ábhair eile a thuairisciú**

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínte go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n-iniúchta.
- Is í ár dtuairim gur choimeád an Chomhairle leabhair chuntais chuí
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

**XXXX**

**Iniúchóir Cláraithe**

**Sínithe ar a shon agus thar a cheann:**

**Cusack Garvey**

**Cuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**

**29A An tArd**

**Cnoc Mhuirfean**

**Co Bhaile Átha Cliath**

18 Meitheamh 2013

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**Bonn an Ullmhaithe**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil. Glactar leo le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**Sócmhainní Seasta**

Léirítear na sócmhainní seasta ar bhonn costais lúide dímheas carnach a áirítear ina ngálaí cothroma bliantúla thar a saolré úsáideach eacnamúil measta ag tosú ón am a chuirtear in úsáid iad. Seo iad na rátaí atá in úsáid faoi láthair:

Feithicil	20%
Ríomhairí	33 1/3%
Trealamh Oifige	20%

**Ioncam**

Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Ioncam na fíorfháltais airgid thirim i gcaitheamh na bliana.

**Tuarastail**

Íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna foireann na Comhairle ar bhonn gníomhaireachta agus aisíoctar an t-airgead ó bhuiséad na Comhairle.

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

	2012	2011
	€	€
<b>Ioncam</b>	1,568,757	1,619,608
<b>Caiteachas</b>	(1,623,535)	(1,602,938)
<b>(Easnamh)/farasbarr oibriúcháin na bliana</b>	Nóta 1 (54,778)	16,670
<b>Fuilleach ag 1 Eanáir</b>	57,454	40,784
<b>Fuilleach ag 31 Nollaig</b>	<u>3,676</u> =====	<u>57,454</u> =====

Is cuid de na ráitis airgeadais na polasaithe cuntasáiochta agus nótaí 1 go 5.

**Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Iomlán Admhaithe**

Ní raibh gnóthachan ná cailteanas ar bith admhaithe seachas torthaí coimeádta na bliana airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na Comhdhála i rith na bliana airgeadais ná na bliana airgeadais roimhe sin seachas torthaí coimeádta na bliana airgeadais.

**John Carr**  
**Cathaoirleach**

**Muireann Ní Mhóráin**  
**Príomhfheidhmeannach**

Ar 18 Meitheamh 2013 d'fhaomh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2012**

	Nótaí	2012 €	2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	2	-	19,320
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí		45,084	12,633
Airgead sa Bhanc		1,091	49,710
		46,175	62,343
<b>CREIDIÚNAITHE INÍOCTHA LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN</b>		(43,499)	(4,889)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		3,676	57,454
<b>GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA</b>		3,676 =====	76,774 =====
<b>COMHDHÉANTA MAR A LEANAS</b>			
Cuntas Caipitiúil	3	-	19,320
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		3,676	57,454
		3,676 =====	76,774 =====

Is cuid de na ráitis airgeadais na polasaithe cuntaisíochta agus nótaí 1 go 5.

**John Carr**  
Cathaoirleach

**Muireann Ní Mhóráin**  
Príomhfheidhmeannach

Ar 18 Meitheamh 2013 d'fhaomh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais agus d'údarairigh siad go n-eiseofaí iad.



**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**1. (EASNAMH)/FARASBARR OIBRIÚCHÁIN NA BLIANA**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
Léirítear (easnamh)/farasbarr oibriúcháin tar éis na gcostas seo leanas a áireamh:		
Táille iniúchóra – iniúchadh	2,500	2,500
Dímheas	19,320	19,960
	=====	=====

**2. SÓCMHAINNÍ SEASTA**      **Feithicil**      **Trealamh Ríomhairí Iomlán Oifige**

	€	€	€	€
<b>Costas</b>				
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	92,686	39,264	21,727	153,677
	=====	=====	=====	=====
<b>Dímheas</b>				
Ag 1 Eanáir	74,152	38,478	21,727	134,357
Muirear na bliana reatha	<u>18,534</u>	<u>786</u>	-	<u>19,320</u>
Ag 31 Nollaig	92,686	39,264	21,727	153,677
	=====	=====	=====	=====
<b>Glanmhéid</b>				
31 Nollaig 2012	-	-	-	-
	=====	=====	=====	=====
31 Nollaig 2011	18,534	786	-	19,320
	=====	=====	=====	=====

**3. CUNTAS CAIPITIÚIL**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
Ag 1 Eanáir	19,320	39,280
Aistrithe (go dtí) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais – Amúchadh faoi réir dímheasa	(19,320)	(19,960)
	-----	-----
Ag 31 Nollaig	-	19,320
	=====	=====

**4. LEASANNA CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

Glacann an Chomhairle le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le leasanna Chomhaltaí na Comhairle a nochtadh. Cleachtadh gnó na Comhairle de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana. I gcás go raibh coinbhleacht leasa ann níor ghlac an comhalta cuí páirt sa phlé ná sa chinneadh.

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS  
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**(ar leanúint)**

**5. GLACADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Ar 18 Meitheamh 2013 d’fhaomh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais agus d’údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS**  
**GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**MIONCHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
<b><u>Ioncam</u></b>		
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,360,680	1,386,000
Tuarastail an Fheidhmeannais íoctha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna	<u>188,710</u>	<u>213,603</u>
	1,549,390	1,599,603
Aistrithe ón gCuntas Caipitiúil	19,320	19,960
Ús Taisce	<u>47</u>	<u>45</u>
	<u>1,568,757</u>	<u>1,619,608</u>
	=====	=====
<b><u>Caiteachas</u></b>		
Tuarastail	226,821	249,645
Taighde	150,640	161,801
Forbairt Áiseanna	332,690	309,967
Lúide Díolacháin	(64,561)	(15,900)
Áiseanna ó Thuaisceart Éireann	19,893	-
Áiseanna Iarbhunscoile	18,903	-
Áiseanna Bunscoile	243,796	266,900
Áiseanna ar Líne	265,782	219,761
Tionscadal Mata	28,439	-
Triail Scrúduithe	16,541	23,898
Seirbhísí Taca	89,228	78,930
Seirbhísí Eolais – veain	68,945	51,789
Cúrsaí	48,877	88,169
Cíos Oifige agus Stóráil	51,432	43,114
Costais Cruinnithe	12,606	8,815
Taisteal agus Cothabháil	19,888	24,940
Teicneolaíocht Faisnéise	18,806	6,279
Seirbhísí Gairmiúla	14,340	17,005
Costais Oifige	36,326	44,869
Fógraíocht	4,823	2,996
Dímheas: Feithicil	18,534	18,538
Trealamh Oifige	<u>786</u>	<u>1,422</u>
	<u>1,623,535</u>	<u>1,602,938</u>
	=====	=====
<b>(Easnamh)/farasbarr na bliana</b>	<b>(54,778)</b>	<b>16,670</b>
	=====	=====